# Faisnéis faoi fhoghlaim páistí sa Mhatamaitic a chomhroinnt agus a chur in iúl Comhpháirtíocht agus comhoibriú a chur chun cinn

Tá go leor deiseanna ann chun comhrá fiúntach idir an scoil agus an teaghlach a chur chun cinn agus tacú leis, i ndáil le Matamaitic a fhoghlaim, a theagasc agus a mheasúnú. Tugtar breac-chuntas san ábhar tacaíochta seo ar bhealaí inar féidir faisnéis a roinnt idir an scoil agus an baile, chomh maith le roinnt moltaí chun comhrá luachmhar agus fiúntach idir tuismitheoirí, múinteoirí agus páistí a chur chun cinn.

> *Saibhríonn agus méadaíonn comhpháirtíochtaí agus comhoibriú idir scoileanna, teaghlaigh agus pobail foghlaim na bpáistí ach a saol ar scoil agus taobh amuigh di a aithint agus tacú leis.*
>
> (Creatchuraclam na Bunscoile, lch 6)

**Is féidir le comhrá fiúntach i measc múinteoirí, tuismitheoirí agus páistí:**

- Cuidiú le tuismitheoirí tacú le foghlaim mhatamaiticiúil a gcuid páistí.
- Tacú le scoileanna chun athruithe sa churaclam a chur in iúl ar bhealach a bhfuil ciall leis do thuismitheoirí.
- Machnamh, plé agus aiseolas a spreagadh i measc múinteoirí, tuismitheoirí agus páistí chun tacú le dul chun cinn ó thaobh na foghlama de.
- Léiriú a thabhairt do pháistí ar an tairbhe a bhaintear as comhrá agus comhpháirtíochtaí a chothú.


## Moltaí maidir le foghlaim páistí sa Mhatamaitic a chomhroinnt agus a chur in iúl

| | |
|---|---|
| **Athruithe ar an gcuraclam a chur in iúl** | Comhroinn acmhainní ina dtugtar breac-chuntas ar na hathruithe ar an gcuraclam, ar nós *Curaclam Matamaitice na Bunscoile: Forléargas físe*, atá le fáil anseo ag www.curriculumonline.ie agus anseo ag www.ncca.ie.   |
| **Léargais maidir le heispéiris foghlama páistí a chomhroinnts** | • Taispeáin grianghraif agus/nó samplaí den mhéid a d'fhoghlaim na páistí ar chláir fógraí na scoile atá le feiceáil do thuismitheoirí nuair a thagann siad isteach sa scoil.<br>• Taispeáin samplaí d'eispéiris foghlama matamaiticiúla i nuachtlitreacha scoile nó ar shuíomhanna gréasáin scoile.<br>• Úsáid Punanna Matamaitice fisiciúla nó fíorúla chun eachtraí tábhachtacha in aistear foghlama an pháiste a thaifeadadh, agus bain leas as sin mar spreagadh le haghaidh comhrá idir an baile agus an scoil.<br>• Úsáid cainéil chumarsáide ar líne mar spás chun ábhair thacaíochta, acmhainní, grianghraif den mhéid a d'fhoghlaim na páistí nó aon fhaisnéis eile a roinnt le tuismitheoirí. |

| Déan comhrá fiúntach a spreagadh trí chruinnithe idir Tuismitheoirí agus Múinteoirí | |
|---|---|

**Déan comhrá fiúntach a spreagadh trí chruinnithe idir Tuismitheoirí agus Múinteoirí**


- Tabhair léargais do thuismitheoirí ar na cineálacha foghlama a dhéanann a bpáiste agus iad i mbun *Churaclam Matamaitice na Bunscoile*, mar shampla, tríd an ábhar tacaíochta Machnamh a Dhéanamh ar Fhoghlaim na Matamaitice. Cuireann an tacaíocht seo treoir ar fáil maidir le plé idir tuismitheoirí agus múinteoirí faoi fhoghlaim na bpáistí sa Mhatamaitic, agus is féidir úsáid a bhaint aisti freisin chun comhrá a spreagadh idir tuismitheoirí agus páistí faoi eispéiris foghlama.








- Tabhair am agus spás le linn an chruinnithe chun aistir foghlama na bpáistí a phlé agus machnamh a dhéanamh orthu agus chun na chéad chéimeanna eile agus na tosaíochtaí foghlama a shainaithint.
- Cuir ábhair tacaíochta *Moltaí don fhoghlaim sa bhaile* ar fáil le haghaidh na cúig snáithaonad déag den churaclam, atá le fáil anseo ag www.curriculumonline.ie agus anseo ag www.ncca.ie.



- Bealaí chun Tacú le do Pháiste sa Mhatamaitic ó Lá go Lá a sholáthar do thuismitheoirí. Áirítear ar an mbileog leideanna seo gníomhaíochtaí laethúla ar féidir leo tacú le foghlaim Matamaitice na bpáistí sa bhaile.

